

# Cé sinne. An obair a dhéanaimid. An dóigh a ndéanaimid í.

FRA
EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

"Tá an tAontas (Eorpach) fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar riail an dlí agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na ndaoine ar de ghrúpaí ar mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir chun tosaigh."

Airteagal 2, an Conradh ar an Aontas Eorpach

# Foreword

Socraítear i gcearta bunúsacha íoschaighdeáin chun a chinntiú go gcaitear le duine le dínit. Beag beann ar cibé acu a fholaíonn siad sin an ceart chun bheith saor ó idirdhealú ar bhonn aoise, míchumais nó cúlra eitneach, an ceart chun do shonraí pearsanta a chosaint nó an ceart chun rochtain ar an gceartas a fháil, ba cheart na cearta sin uile a chur chun cinn agus a chosaint.

Tá sé de nós ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) le fada cearta bunúsacha a chur chun cinn. Is ar bhonn na luachanna sin atá an tAontas Eorpach féin bunaithe agus tá sé tiomanta do na cearta a fhógraítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) mar chomhlacht neamhspleách chun tacú leis an iarracht sin.

In ainneoin na hoidhreachta sin, coisceann go leor dúshlán seachadadh dáiríre na gceart bunúsach. Trí shonraí in AE a bhailiú agus a anailísiú, cabhraíonn FRA le hinstitiúidí AE agus le Ballstáit AE tuiscint a ghnóthú ar na dúshláin sin agus dul i ngleic leo. Agus é  ag oibriú i gcomhpháirt le hinstitiúidí AE, le Ballstáit AE agus le heagraíochtaí eile ar an leibhéal idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta, imríonn FRA ról tábhachtach i ndáil le cearta bunúsacha a sholáthar do gach duine atá ina gcónaí in AE.



Michael O'Flaherty
Stiúrthóir



Frauke Lisa Seidensticker
Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an FRA

# Cé sinne




In 2007, bhunaigh AE an FRA agus é mar thasc chúram sainiúil uirthi comhairle neamhspleách fhianaisebhunaithe a chur ar fáil ar chearta bunúsacha. Is ceann de shainghníomhaireachtaí AE í an FRA, ar gníomhaireachtaí iad a fhaigheann maoiniú ó bhuiséad AE. Bunaítear na gníomhaireachtaí sin chun comhairle shaineolaíoch a chur ar fáil d'institiúidí AE agus do na Ballstáit faoi raon saincheisteanna.

Áirítear le 90 ball foirne na gníomhaireachta saineolaithe dlí, eolaithe polaitiúla agus sóisialta, staitisteoirí, agus saineolaithe cumarsáide agus líonraithe.

Is é Bord Bainistíochta an FRA a threoraíonn a gcuid oibre. Tá an Bord freagrach as tosaíochtaí oibre na gníomhaireachta a shainiú, a buiséad a fhormheas agus faireachán a dhéanamh ar a cuid oibre. Ar an mbord tá saineolaithe idirnáisiúnta, duine amháin acu ceaptha ag gach Ballstát, beirt ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus saineolaí neamhspleách amháin ceaptha ag Comhairle na hEorpa.

# Cearta bunúsacha

An bille ceart atá ceangailteach ó thaobh dlí de chuid AE is ea an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Liostaítear inti na cearta nach mór d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE meas a bheith acu orthu agus dlí agus beartas AE á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu. Tá sí ina céad phointe tagartha don FRA agus í ag tairiscint a comhairle fianaisebhunaithe ar conas meas ar chearta bunúsacha a chinntiú.

Is i sé ghrúpa atá na cearta atá leagtha amach sa Chairt roinnte:

**DÍNIT**

amhail an ceart gan táiríde a fhulaingt

**SAOIRSÍ**

amhail an ceart chun go gcosnaítear sonraí pearsanta

**COMHIONANNAS**

amhail an ceart chun bheith saor ó idirdhealú

**DLÚTHPHÁIRTÍOCHT**

amhail an ceart chun cúram sláinte a fháil agus leas a bhaint as cóireáil leighis

**CEARTA NA SAORÁNACH**

amhail an ceart chun vótáil i dtoghcháin bhardasacha áitiúla

**CEARTAS**

amhail an ceart chun triail chothrom a fháil


# An obair a dhéanaimid

Cuireann an FRA comhairle neamhspleách fhianaisebhunaithe ar fáil faoi chearta bunúsacha d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE. Féachann sí le cur le meas iomlán ar chearta bunúsacha a chinntiú ar fud AE.

Chun amhlaidh a dhéanamh, comhlíonann an FRA na príomhthascanna seo a leanas:

- faisnéis agus sonraí a bhailiú agus a anailísiú;
- cabhair agus saineolas a chur ar fáil;
- feasacht ar chearta a chur in iúl agus a mhéadú.

*Déantar cur síos ar thascanna an FRA sa reachtaíocht lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha: Rialacháin (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle.*



Déantar tascanna an FRA i gcomhairle agus i gcomhar lena comhpháirtithe.

Cuireann sé sin ar chumas na gníomhaireachta:

- a réimsí oibre a shainiú chun a chinntiú go bhfreagraíonn a cuid taighde do bhearnaí sonracha agus do riachtanais shonracha sa réimse um chearta bunúsacha;
- saineolas a chomhroinnt, taighde ar réimsí difriúla a chomhordú agus oibriú le chéile chun a comhairle a chur in iúl don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit. Ar an mbealach sin, is féidir le FRA sineirgí a chruthú, an leas is mó a bhaint as a cuid acmhainní agus tacú le comhlachtaí eile ach tuairimí sonracha a sholáthar faoi conas is féidir cosaint na gceart bunúsach a fheabhsú;
- a chinntiú go dtugtar a comhairle agus a cuid taighde don lucht déanta beartas ar na leibhéil chearta den rialtas agus d'institiúidí AE.

Coimeádann FRA dlúthnaisc ar leith leo siúd a leanas:


- an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe (NA) agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE);
- rialtais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí acadúla, comhlachtaí comhionannais agus Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (NHRIanna).

*Is éard atá i gcomhlachtaí comhionannais agus NHRIanna ná comhlachtaí náisiúnta a chuireann cosaint na gceart bunúsach chun cinn ina dtír féin. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh: taighde a dhéanamh, feasacht a mhéadú nó comhairle a chur ar íospartaigh faoi na cearta atá acu.*

Chun dlúthchaidreamh oibre le Ballstáit AE a áirithiú, ceapann gach Ballstát Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh. Cuireann malartú leanúnach agus cruinnithe rialta le comhpháirtíocht láidir oibre a chruthú, rud a áirithíonn go gcomhroinntear faisnéis, go bhfuiltear ar an eolas faoi riachtanais náisiúnta agus go dtugtar aghaidh orthu.

*Tá 47 mballstát ag Comhairle na hEorpa. Áirítear lena cuid comhlachtaí an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, a éisteann le cásanna ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.*

*Tríd an gClár Oibre um Chearta Bunúsacha (FRP), tugtar le chéile breis agus 300 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta ó áiteanna ar fud AE a bhfuil baint acu le saincheisteanna sonracha maidir le cearta bunúsacha. Tugann siad moltaí faoi chlár oibre bliantúil an FRA agus faoina tuarascáil bhliantúil.*



Tá caidreamh speisialta ag FRA le Comhairle na hEorpa, atá lonnaithe in Strasbourg. Chun comhlántacht a chinntiú, comhordaíonn an ghníomhaireacht a cuid gníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa, go háirithe maidir lena clár oibre bliantúil agus le comhar leis an tsochaí shibhialta.

Trína Clár Oibre um Chearta Bunúsacha (FRP), téann FRA i gcomhairle le cuid mhór eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta go rialta. Tá na heagraíochtaí sin in ann tacú le saineolaithe an FRA chun na fadhbanna a bhíonn ag daoine ar fud AE sa saol laethúil a shainaithint.

## Raon feidhme na hoibre

Molann institiúidí AE na réimsí téamacha d'obair na gníomhaireachta thar thréimhse cúig bliana agus glacann siad leo.

I measc na bpríomhréimsí a chlúdaíonn FRA ná an t-idirdhealú, rochtain ar an gceartas, an ciníochas agus an tseineafóibe, cosaint sonraí, cearta íospartach na coireachta agus cearta an linbh.

Ós rud é gur bunaíodh FRA chun comhairle a chur ar AE agus ar na Ballstáit agus dlí agus beartas AE á gcur chun feidhme acu, ní féidir leis an ngníomhaireacht oibriú ach ar na saincheisteanna sin a thagann faoi réimsí ina bhfuil údarás ag AE.

Cé go dtairgeann FRA faisnéis do dhaoine aonair faoi conas agus cén áit ar féidir leo a gcearta a fhorfheidhmiú, ní fhéadfaidh sí cinneadh ar ghearáin aonair a scrúdú ná a eisiúint. De réir a sainordaithe, ní fhéadfaidh an ghníomhaireacht ach daoine aonair a atreorú chuig na bealaí cuí inar féidir leo cabhair a iarraidh ag an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta.

*Tagraíonn 'údarás' don cheist maidir le cé acu atá nó nach bhfuil údarás dlíthiúil ag AE chun dul i mbun gnímh i réimse beartais ar leith.*



# An dóigh a ndéanaimid í

## Taighde agus bailiú sonraí

Tá sé de chúram ag FRA faisnéis agus sonraí atá "oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide" a bhailiú. Déanann sí a cuid taighde ar théamaí ar leith ar fud AE in ionad faireachán nó measúnú a dhéanamh ar Bhallstáit aonair.

Trí gach ceann nó roinnt de Bhallstáit AE a chlúdach, cuirtear dearcadh comparáideach ar fáil lena sainaithnítear dúshláin atá ann cheana agus cleachtais a bhfuil gealladh fúthu maidir le téamaí sonracha um chearta bunúsacha ar fud AE.

De ghnáth, clúdaítear ábhar sonrach um chearta bunúsacha ar fud AE le taighde an FRA. Sampla amháin de sin is ea an tuarascáil uaithi ar *Homophobia, transphobia and discrimination on grounds of sexual orientation and gender identity in the EU Member States* (2010).

Is minic a bhailíonn an ghníomhaireacht faisnéis faoi **chosaint na gceart bunúsach i gcreat dlíthiúil** na mBallstát agus cuireann sí anailís dhlíthiúil ar fáil. Áirítear le foinsí faisnéise ionstraimí reachtacha, breithiúnais chúirte agus tráchtaireacht acadúil. Mar shampla, féach tuarascáil an FRA ar *Access to justice in Europe: an overview of challenges and opportunities* (2011).





*Tagraíonn modheolaíocht taighde don dóigh a ndéantar faisnéis agus sonraí a bhailiú agus a anailísiú. Tá na modheolaíochtaí a n úsáideann FRA iad ceaptha chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a bhailítear chomh cruinn agus chomh hiontaofa agus is féidir.*




Chun forbhreathnú cuimsitheach ar an gcás ar an talamh a chur ar fáil, baineann FRA úsáid as anailís dhlíthiúil agus sonraí faoi eispéiris laethúla na ndaoine aonair ar an talamh i dteannta a chéile. Comhlánaítear taighde deisce le saothar taighde shóisialta allamuigh trí úsáid a bhaint as suirbhéanna nó agallaimh nó trí shonraí atá ann cheana a anailísiú.

Mar shampla, chuir Suirbhé AE ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (EU-MIDIS) agallamh ar 23 500 duine ó ghrúpaí roghnaithe inimirceach agus mionlach eitneach sna 27 mBallstát go léir den Aontas Eorpach. Chuir na torthaí ar chumas na gníomhaireachta táscairí úsáideacha ábhartha den idirdhealú a chur ar fáil, amhail an céatadán d'íospartaigh a d'fhulaing idirdhealú nó coir bunaithe ar chine. Dá réir sin, léirigh sé na leibhéil idirdhealúcháin i mballstáit a mhothaíonn mionlaigh eitneacha éagsúla.

I roinnt cásanna, féadfaidh an ghníomhaireacht **tuairisc a thabhairt ar chás práinneach ceart bunúsach** i mBallstát amháin, sa chás go dtagann sé sin faoina sainordú agus go bhfuil tionchar ag an gcás ar AE. Mar shampla: Coping with a fundamental rights emergency — *The situation of persons crossing the Greek land border in an irregular manner. Thematic Situation Report* (2011).



Cé gurb iad saineolaithe na gníomhaireachta a roghnaíonn an mhodheolaíocht chuí le haghaidh tionscadal ar leith, is iad saineolaithe lasmuigh den FRA de ghnáth, saineolaithe a bhailíonn faisnéis shonrach, a bhailíonn sonraí agus faisnéis ar an leibhéal tíre dáiríre. Roghnaítear conraitheoirí seachtracha taighde ar bhonn nós imeachta roghnóireachta atá oibiachtúil agus críochnúil.

*Tá an Coiste Eolaíoch comhdhéanta de 11 saineolaí ceart bunúsach ar fud AE. Tá na saineolaithe sin an-cháilithe agus neamhspleách. Roghnaíonn Bord Bainistíochta an FRA na saineolaithe sin bunaithe ar thuairimí Pharlaimint na hEorpa.*

Tá céatadán mór de thaighde an FRA bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis a bhailíonn FRANET, a líonra de phointí fócasacha náisiúnta. Tá sé comhdhéanta d'fhoirne a chuimsíonn saineolaithe ceart bunúsach i ngach Ballstát den Aontas Eorpach. Baineann foireann an FRA leas as na sonraí agus as an bhfaisnéis a bhailítear agus déanann sí anailís orthu sin.

Tá Coiste Eolaíoch ag an ngníomhaireacht freisin. Tá sé comhdhéanta de chomhaltaí seachtracha neamhspleácha, rud a áirithíonn cáilíocht a cuid oibre.



Is féidir tuilleadh faisnéise faoi mhodheolaíochtaí taighde an FRA a aimsiú ina bileog eolais ghaolmhar ar *FRA research: providing robust, comparable data and analysis*.

## Cabhair agus saineolas

Cuireann FRA “cabhair agus saineolas” ar fáil d’institiúidí AE agus do na Ballstáit chun tacú leo “meas iomlán a bheith acu ar chearta bunúsacha” agus dlí AE á fhorbairt agus á chur chun feidhme acu.

Ceapann an ghníomhaireacht a cuid ceisteanna taighde bunaithe ar na riachtanais a shainaithníonn a cuid geallsealbhóirí. Bíonn na sonraí a bhailíonn sí dírithe ar na réimsí sin ina dteastaíonn fianaise ón lucht déanta cinntí chun a gcuid beartas agus reachtaíochta a mhúnlú. Chomh maith leis sin, cuirtear leis na sonraí ar chumas na gníomhaireachta a cuid taighde a dhíriú ar fhíorfhadhbanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine ar bhonn laethúil.

Bunaithe ar an bhfianaise a bhailítear trína cuid taighde agus ar an saineolas atá aici ar chearta bunúsacha, eisíonn FRA tuairimí agus conclúidí d’institiúidí AE agus do na Ballstáit maidir le conas a chinntiú go dtugtar meas do chearta bunúsacha sa chleachtas nuair a bhíonn reachtaíocht agus beartais á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu.

I gcás gach ceann dá cuid tionscadal, téann FRA i gcomhairle lena cuid geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach chun a shainaithint cad é an bealach is fearr inar féidir léi comhairle a chur ar fáil dóibh agus cabhair a thabhairt dóibh chun feabhas a chur ar an meas a thugtar do chearta bunúsacha. Bunaithe ar na cineálacha fadhbanna a shainaithníonn an ghníomhaireacht agus ar na riachtanais a chuireann geallsealbhóirí in iúl, bíonn comhairle agus cabhair á gcur ar fáil ar roinnt bealaí éagsúla.

- **Tuarascálacha** – Déanann FRA na sonraí agus an fhianaise atá bailithe aige trína taighde sochdhlíthiúil agus trína anailís shochdhlíthiúil a sholáthar d’institiúidí AE agus do na Ballstáit, mar aon le tuairimí agus le conclúidí maidir le conas tuilleadh measa ar chearta bunúsacha a chinntiú.




- **Iarraidh ó institiúid AE** — Is féidir go n-iarrfaidh institiúidí AE go foirmiúil ar FRA tuairimí a chur le chéile ar thopaicí téamacha ar leith nó anailís dhlíthiúil ó thaobh cearta bunúsacha de a dhéanamh ar reachtaíocht nó ar thogra reachtaíochta. Sa bhliain 2011, mar shampla, d’iarr Parlaimint na hEorpa ar FRA tuairim a chur in iúl ar an Treoir a bhí beartaithe aici maidir le sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí a úsáid.

- **Iarraidh ó Bhallstát AE** — Is féidir go n-iarrfaidh Ballstát ar FRA faisnéis nó sonraí a sholáthar lena gcabhrófaí leis feabhas a chur ar an meas a thugtar do chearta bunúsacha i réimsí ina bhfuil údarás ag AE.

- **Ábhar oiliúna agus cláir oiliúna** — Mar shampla, sa Handbook on European non-discrimination law (2011), a cuireadh le chéile in éineacht leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg, tugtar treoir do chleachtóirí dlí maidir leis an dlí um idirdhealú.

- **Cleachtais a bhfuil gealladh fúthu** — Déanann FRA “cleachtais a bhfuil gealladh fúthu” a bhailiú agus a chomhroinnt freisin, rudaí a mbíonn tionchar an-tairbheach acu ar chearta bunúsacha i measc Bhallstáit AE. Tugann an méid sin deis do na Ballstáit foghlaim ó chéile faoi na múnlaí rathúla atá ann agus faoi na réitigh rathúla atá ann ar fhadhbanna coiteanna.

# Cumarsáid agus feasacht ar chearta

Tá FRA ag obair chun feabhas a chur ar an staid ar an talamh. Mar aon leis na cineálacha cabhrach atá luaite thuas, déanann sé é sin trí fheasacht ar chearta bunúsacha a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne agus i measc gairmeacha ar leith a imríonn ról tábhachtach nó tionchar ar ár gcuid ceart, amhail múinteoirí, gairmithe meán, na póilíní agus cleachtóirí dlí.

## Faisnéis faoi FRA agus a chuid oibre


Mar aon le **foilseacháin chlóite** agus le **seastáin faisnéise** ag ócáidí tábhachtacha, baineann FRA leas iomlán as an raon leathan bealaí **cumarsáide ar líne** atá ar fáil. Áirítear leo sin an suíomh gréasáin agus an láithreacht atá aige sna meáin shóisialta ar Facebook, Twitter, LinkedIn agus YouTube.

Foilsíonn FRA **r-Nuachtlitir** mhíosúil, rud ar féidir clárú lena fháil ag: information@fra.europa.eu.

Chomh maith leis sin, tugann FRA deis do ghrúpaí cuairteoirí freastal ar an ngníomhaireacht chun cloisteáil faoi chearta bunúsacha in AE agus faoina chuid oibre. Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le visit@fra.europa.eu.

## Ábhair chun feasacht ar chearta a chothú

Táirgeann FRA **ábhair** lena bhféadtar treoir a thabhairt do ghairmithe agus iad ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha. I measc samplaí de na hábhair sin, tá *Excursion to the past – teaching for the future: Handbook for teachers* (2011), ina dtugtar tacaíocht do mhúinteoirí a chuireann oideachas faoin Uileloscadh agus faoi Chearta an Duine ar fáil, agus A Diversity Toolkit do na meáin, a forbraíodh i gcomhar le hAontas Craolacháin na hEorpa agus ina dtugtar eolas do chraoltóirí earnála poiblí faoi conas is féidir sochaí ilchineálach na hEorpa a léiriú ar bhealach níos fearr agus tuairisc á tabhairt acu ar shaincheisteanna mionlaigh.




Foilsíonn FRA **S'Cool Agenda** do dhéagóirí. Ní hé amháin gur féilire scoile é, teagasctar bunfhíricí faoi chearta bunúsacha ann freisin.

Is féidir leis an lucht déanta beartas, le taighdeoirí, le saineolaithe dlí agus leis an bpobal mór teacht ar **Bhunachar sonraí cásdlí** an FRA, áit a bhfuil bailiúchán de chásanna náisiúnta agus Eorpacha a bhaineann le cearta bunúsacha.



## Faisnéis faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Foilsíonn an ghníomhaireacht ábhar faoin gCairt um Chearta Bunúsacha AE. Sampla den ábhar sin is ea **Charterpedia** – uirlis atá éasca le húsáid agus lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi na cearta a ráthaítear leis an gCairt. Tá Charterpedia ina bhailiúchán cuimsitheach de dhlí bunreachtúil idirnáisiúnta, de dhlí bunreachtúil AE agus de dhlí bunreachtúil náisiúnta um chearta bunúsacha, agus iad nasctha le hábhair, le teidil agus le hairteagail na Cairte. Tá fáil éasca orthu go léir ar shuíomh gréasáin an FRA.




Chomh maith leis sin, d'fhorbair FRA **aip don Chairt um Chearta Bunúsacha le haghaidh gléasanna soghluaiste** amhail fóin chliste agus táibléid. Tá an aip ar fáil ar shuíomh gréasáin an FRA.

# Téigh i dteagmháil linn

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi FRA, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin. Is san áit sin is féidir leat coinneáil cothrom le dáta faoi ghníomhaíochtaí an FRA, lena n-áirítear ár gcuid tionscadal, ócáidí agus foilseachán:

- www.fra.europa.eu
- twitter.com/#!/EURightsAgency
- www.facebook.com/fundamentalrights
- http://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
- www.youtube.com/user/EUAgencyFRA

Chun dul i dteagmháil linn, chun clárú lenár r-Nuachtlitir mhíosúil a fháil nó chun cuairt grúpa ar FRA a shocrú, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig:

- information@fra.europa.eu

Mar mhalairt air sin, is féidir leat dul i dteagmháil linn tríd an bpost, thar an teileafón nó trí fhacs:

FRA – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Schwarzenbergplatz 11
1040 Vienna
AN OSTAIR/AUSTRIA

Tel: +43 (1) 580 30 0
Fax: +43 (1) 580 30 699

HELPING TO MAKE FUNDAMENTAL RIGHTS A REALITY FOR EVERYONE IN THE EUROPEAN UNION

Is ionann cearta bunúsacha agus íoschaighdeáin íde lena ráthaítear meas ar dhínit gach duine. Tá siad leagtha amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, rud atá ceangailteach le dlí ar institiúidí AE agus ar gach ceann de 28 mBallstát AE agus reachtaíocht AE á cur chun feidhme acu. Is i gCaibidlí na Cairte — Dínit, Saoirsí, Comhionannas, Dlúthpháirtíocht, Cearta na Saoránach, Ceartas agus Forálacha Ginearálta — a liostaítear na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá aitheanta ag AE.

Déanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), a bunaíodh sa bhliain 2007, cabhair agus saineolas maidir le cearta bunúsacha a sholáthar don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit.

FRA – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Schwarzenbergplatz 11
1040 Vienna
AN OSTAIR/AUSTRIA

Tel: +43 (1) 580 30 - 0
Fax: +43 (1) 580 30 - 699

information@fra.europa.eu
http://fra.europa.eu
twitter.com/EURightsAgency
www.facebook.com/fundamentalrights
www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
www.youtube.com/user/EUAgencyFRA